
SCÉAL RATHA

# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

## UNO DI NOI (DUINE DÍNNE)




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR

UNO DI NOI (DUINE DÍNNE) 3

An feachtas ‘Uno di noi’ (Duine dínne) 4

Tionchar an Fheachtais ‘Uno di noi’ (Duine dínne) 7




# 1
# UNO DI NOI (DUINE DÍNNE)

Bhí an tionscnamh 'Uno di noi' (Duine dínne), a cláraíodh an 11 Bealtaine 2012, ar cheann de na chéad tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar bailíodh 1 mhilliún síniú ar a laghad lena aghaidh. Bhí baint ag an tionscnamh le cosaint dlí a thabhairt do dhínit gach duine, dá cheart chun beatha agus d'iomláine an duine óna ghiniúint. Ba é príomhchuspóir an tionscnaimh deireadh a chur le gníomhaíochtaí a bheith á maoiniú ag an Aontas Eorpach, a bhfuil baint acu le suthanna daonna, go háirithe ó thaobh taighde, sláinte phoiblí agus cabhair forbraíochta de.

Is sampla é an tionscnamh 'Uno di noi' (Duine dínne) de thionscnamh rathúil dá ndearna na heagraithe foráil maidir le dréachtghníomh dlí inar iarradh trí leasú reachtacha. Sa bhreis air sin, i mí Mheán Fómhair 2013 bhunaigh na heagraithe eagraíocht a raibh a pearsantacht dhlítheanach féin aici agus a bhí tiomnaithe don fheachtas, is í sin an Chónaidhm 'One of Us'.

Chinn an Coimisiún Eorpach gan an t-athbhreithniú reachtach riachtanach a dhéanamh mar mheas sé gurbh iomchuí an creat reachtach a bhí ann.

**Foinsí maoinithe (EUR)**




## Fachtóirí an ratha

- Tacaíocht phoiblí ón Vatacáin
- Coistí náisiúnta láidre
- An feachtas a bheith dírithe ar thíortha ina raibh an-chur amach ag na saoránaigh ar an ábhar

# 2
# An feachtas 'Uno di noi' (Duine dínne)


## Ullmhú

Is é an chaoi gur thosaigh eagraíochtaí neamhrialtasacha ó thíortha ina bhfuil gluaiseachtaí daingne seanbhunaithe ar son na beatha (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Spáinn, an Iodáil) ag déanamh teagmháil le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar son na beatha i dtíortha eile a bheadh in ann an feachtas a bhainistiú trí choistí náisiúnta. Chruinnigh siad maoiniú chun an tionscnamh a chomhordú go lárnach sa Bhruiséil (chun cruinnithe a eagrú, costais taistil a íoc, etc.) a bhuí leis na ranníocaíochtaí a fuarthas ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta. Ina theannta sin, chruinnigh gach coiste náisiúnta maoiniú i gcomhair a fheachtais náisiúnta féin.

## Cur chun feidhme

Bunaíodh an feachtas díreach tar éis a chláraithe. (Sa lá atá inniu ann, tá suas le 6 mhí agat idir an clárú agus tús na tréimhse 12 mhí chun sínithe a bhailiú. Nuair a cuireadh an tionscnamh 'Uno di noi' (Duine dínne) chun feidhme, níorbh amhlaidh an cás). Le linn an chéad chúig mhí den fheachtas, "díríodh go príomha ar struchtúr éigin a chur ar bun chun an feachtas a fhorbairt laistigh de na 28 mBallstát." Ní dhearnadh an feachtas éifeachtach a chur chun feidhme ná na sínithe a bhailiú go dtí go raibh an struchtúr curtha ar bun. I ngeall air sin, b'éigean na sínithe a bhailiú laistigh de 6 mhí.

Bhain an feachtas úsáid fhorleathan as na meáin chumarsáide agus acmhainní ar líne. Chun feasacht a mhéadú agus daoine a chur ar an eolas faoin bhfeachtas, chuir na heagraithe suíomh gréasáin tiomnaithe ar bun agus chuaigh siad i dteagmháil leis na meáin thraidisiúnta (agus rinne siad agallaimh leo mar chuid den teagmháil sin). Ag an am céanna, bhí na heagraithe gníomhach freisin ar Facebook agus Twitter.



## Collection of signatures

Comhaontaíodh straitéis feachtais fhoriomlán inar chuir gach coiste náisiúnta a leagan féin den fheachtas chun feidhme agus féachadh le hambasadóir náisiúnta a cheapadh chun an tionscnamh a chur chun cinn agus daoine a spreagadh leis na ráitis tacaíochta a shíniú.

Bhí an straitéis bunaithe ar na garspriocanna seo a leanas:


1. an t-íoscheanglas sínithe a bhaint amach i seacht dtíortha
2. 1 mhilliún síniú a bhailiú
3. 1.2 milliún síniú a fháil i gcás nár bailíochtaíodh roinnt díobh
4. 1.5 milliún síniú a bhailiú chun teachtaireacht an tionscnaimh a neartú
5. an líon is mó sínithe is féidir a bhailiú ón líon is mó tíortha agus ab fhéidir.

Bhí na deacrachtaí teicniúla a bhain leis an gcóras bailithe ar líne a chur ar bun ar cheann de na príomhdhúshláin a bhí ag na heagraithe. Mar sin féin, mar fhreagairt ar na deacrachtaí sin a bhí ag na heagraithe le linn na céime tosaigh den Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, sa bhreis ar na hoibleagáidí a bhí ar an gCoimisiún faoin Rialachán, rinne sé na córais bailithe ar líne de chuid n-eagraithe a óstáil, thug sé cúnamh teicniúil agus chuir sé oiliúint ar fáil. Chomh maith leis sin, ghlac an Coimisiún go heisceachtúil le ráitis tacaíochta a bailíodh go dtí an 1 Samhain 2013 (tar éis na tréimhse oifigiúla 12 mhí) le haghaidh gach tionscnaimh a cláraíodh roimh an 31 Deireadh Fómhair 2012.

Nuair a tháinig deireadh le céim an bhailithe an 1 Samhain 2013, ba ar pháipéar a bhí thart ar 65% de na sínithe bailithe ag na hoibrithe deonacha agus an 35% eile díobh ar líne



**Líon na ráiteas tacaíochta**
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)




## Fíorú agus tíolacadh

Tíolacadh an tionscnamh an 28 Feabhra 2014 mar aon le deimhnithe chun bailíocht 1,721,626 ráiteas tacaíochta a dhearbhú.

# 3 Tionchar an Fheachtais ‘Uno di noi’ (Duine dínne)

## Scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún

Bhuail na heagraithe leis an gCoimisinéir Eorpach um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus leis an Leas-Ardstiúrthóir um Fhorbairt agus Comhar an 9 Aibreán 2014 (féach an phreaseisiúint). Thíolaic na heagraithe a dtionscnamh le linn éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an lá dar gcionn.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2014 (féach an phreaseisiúint), luaigh an Coimisiún nach raibh sé chun togra reachtach a thíolacadh toisc go ndearnadh díospóireacht ar an gcreat maoinithe ar na mallaibh agus gur chomhaontaigh Ballstáit an Aontais agus an Pharlaimint leis.

Tá breis faisnéise faoi na bearta leantacha le fáil ar láithreán gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.



## Obair Leantach

Chuir na heagraithe toradh an fheachtais in iúl don lucht tacaíochta trí ríomhphost go príomha. “Sheol siad tuarascálacha iomlána leis na sínithe a bailíodh chuig na teagmhálaithe go léir sna tíortha difriúla.” Sa chás seo, bhíothas dóchasach go mbeadh rathúlacht tír amháin ina spreagadh ag tíortha eile. A luaithe a “bhailigh tíortha difriúla líon íosta na sínithe a theastaigh”, bhain na heagraithe leas as sin chun “brú a chur ar na tíortha eile a bhfeachtais náisiúnta a shlógadh.”

Ní raibh sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ach an túsphointe le haghaidh comhar a mhairfeadh ar feadh i bhfad. I bhfianaise an fheachtais, “bhunaigh na heagraithe an Chónaidhm One of Us a lean ar aghaidh leis an obair ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta.” Léirítear leis an sampla sin conas is féidir le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh cuidiú le daoine a gcuid tuairimí a chur in iúl ar an gcéad dul síos, ach freisin chun teacht ar dhaoine ar aon tuairim leat chun sprioc choiteann a leanúint mar chuid de straitéis fhadtéarmach.

D’ainneoin a rathúil is a bhí siad, deir na heagraithe go roghnóidís cur chuige beagán difriúil dá mbeadh siad chun feachtas eile a chur chun feidhme. Is é an príomhrud a thabharfadh siad aghaidh air socrú eagrúcháin a bhfeachtais. “Struchtúr docht daingean sna tíortha difriúla,” sin a bheadh ar intinn ag na heagraithe. Ar an gcaoi sin, bheadh níos mó ama ann le linn an fheachtais le sínithe a bhailiú agus bheadh an fhéidearthacht ann freisin pleanáil fhadtéarmach níos fearr a dhéanamh dá bharr.

## Noda agus leideanna i gcomhair eagraithe amach anseo

- Seol do cheisteanna dlí chuig deasc chabhrach fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.
- Déan cumarsáid! Bunaigh sreafaí faisnéise laistigh de struchtúr an fheachtais go cothrománach agus go ceartingearach.
- Baineann an-tábhacht le daoine a spreagadh, mar sin tabhair an t-eolas is deireanaí faoi bhailiú sínithe go seachtainiúil do na comhordaitheoirí chun misneach a thabhairt dóibh.
- Má bhíonn an chuma ar an scéal gur sprioc ró-uaillmhianach an sprioc 1 mhilliún síniú a bhailiú mar thús, socraigh sraith spriocanna agus spriocdhátaí soiléire uile-AE, agus déan monatóireacht chúramach ar an dul chun cinn.
- Dírigh an feachtas ar thíortha ina bhfuil eolas maith ag na saoránaigh ar ábhar an tionscnaimh cheana féin.
- An cinneadh deiridh maidir leis an obair leantach a dhéanfar i dtaca le tionscnamh rathúil Eorpach ó na saoránaigh, cuimhnigh go luíonn sin leis an gCoimisiún Eorpach.

## Na ceachtanna a foghlaimíodh

- Fiú mura raibh sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh, thuig na heagraithe go mbeadh brú agus díospóireacht pholaitiúil mhór i gceist ar fud na hEorpa dá mbeadh rath ar an tionscnamh.
- D’ainneoin gur thug an Pápa Beinidict XVI agus an Pápa Proinsias tacaíocht phoiblí don tionscnamh, rinneadh dochar don fheachtas toisc nár clúdaíodh móran sna meáin é.
- An meall mór ar deireadh, dhírigh siad an feachtas ar thíortha ina raibh gluaiseachtaí daingne ar son na beatha (e.g. an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Spáinn, an Iodáil). Is beag ráiteas tacaíochta a fuarthas i dtíortha nach raibh coiste náisiúnta daingean iontu agus ina raibh acmhainní airgeadais an-teoranta.